# DÁIL ÉIREANN

**BUAMÁIL BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS MHUINEACHÁIN.**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 14ú lá seo de Bhealtaine, 2024.

**DUBLIN AND MONAGHAN BOMBINGS.**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 14th day of May, 2024.

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

á mheabhrú di an tairiscint a ghlac sí d'aon ghuth an 10 Iúil 2008, is tairiscint ina ndearna sí:

— a thabhairt dá haire "tuarascáil eatramhach agus tuarascáil deiridh an fhochoiste den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan ar an tuarascáil ón gCoimisiún Fiosrúcháin Neamhspleách faoi Bhuamáil Bhaile Átha Cliath-Mhuineacháin agus ar na trí Thuarascáil Barron atá gaolmhar leo, lena n-áirítear an fiosrúchán faoi Bhuamáil Kay's Tavern, Dún Dealgan, agus molann sí an Fochoiste as a chuid oibre";

— a thathant "ar Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a cheadú go mbeadh teacht ag pearsa bhreithiúnach idirnáisiúnta neamhspleách ar gach doiciméad bunaidh atá ar seilbh ag Rialtas na Breataine agus a bhaineann leis na huafáis a tharla sa dlínse seo agus a ndearna an Breitheamh Barron fiosrú orthu, chun go ndéanfaí measúnacht ar na doiciméid sin d'fhonn cabhrú le scaoileadh na gcoireanna seo"; agus

— a ordú do "Chléireach na Dála téacs an Rúin seo, mar aon le cóipeanna na dtuarascálacha a luadh cheana, a chur chuig Teach na dTeachtaí de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, i dteannta iarrata go ndéanfaidh Teach na dTeachtaí an ní a bhreithniú";

á mheabhrú di an tairiscint a ghlac sí d'aon ghuth an 18 Bealtaine 2011, is tairiscint ina ndearna sí:

— a thabhairt dá haire "go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh le blianta fada leis an gceist i dtaobh rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ar seilbh ag Rialtas na Breataine maidir leis na buamálacha";

— a iarraidh ar "an Rialtas leanúint den tsaincheist a ardú le Rialtas na Breataine agus tathant air déanamh de réir na hiarrata ó Dháil Éireann agus go n-athdhearbhaíonn sí tacaíocht Comhaltaí ar gach taobh den

That Dáil Éireann:

recalling the motion it adopted unanimously on 10th July, 2008 which:

— noted "the interim and final reports of the sub-Committee of the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights on the report of the Independent Commission of Inquiry into the Dublin-Monaghan Bombings and the three related Barron Reports, including the Inquiry into the Bombing of Kay's Tavern, Dundalk, and commends the sub-Committee for its work";

— urged "the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland to allow access by an independent, international judicial figure to all original documents held by the British Government relating to the atrocities that occurred in this jurisdiction and which were inquired into by Judge Barron, for the purposes of assessing said documents with the aim of assisting in the resolution of these crimes"; and

— directed "the Clerk of the Dáil to communicate the text of this Resolution, together with copies of the aforementioned reports, to the House of Commons of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland, with a request that the matter be considered by the House of Commons";

recalling the motion it adopted unanimously on Wednesday, 18th May, 2011 which:

— noted "that the question of obtaining access to information held by the British Government on the bombings has been pursued for many years";

— requested "the Government to continue to raise the matter with the British Government and to press it to comply with the request of Dáil Éireann and reaffirms the support of Members on all

Teach seo"; agus

— a admháil go bhfuil "an comhoibriú atá á lorg á chur i gcrích i gcomhthéacs caidreamh ar an oileán seo agus idir Éire agus an Bhreatain atá athraithe ó bhonn agus atá bunaithe ar chomhurraim, ar chomhpháirtíocht agus ar chairdeas";

á mheabhrú di an tairiscint uilepháirtí a ghlac sí d'aon ghuth an 25 Bealtaine 2016, is tairiscint ina ndearna sí:

— a thabhairt dá haire "gurbh é an 17 Bealtaine 2016 cothrom 42 bhliain bhuamáil Bhaile Átha Cliath-Mhuineacháin"; agus

— a iarraidh ar an Rialtas saothrú chun tairiscintí uilepháirtí 2008 agus 2011 a chur i ngníomh agus an ní a ardú mar ábhar práinne le Rialtas na Breataine;

a thabhairt dá haire:

— gurb é an 17 Bealtaine cothrom 50 bliain bhuamáil Átha Cliath-Mhuineacháin agus, i bhfianaise an oiread sin ama a bheith imithe thart, gur gá an uile eolas a thabhairt chun cabhrú le teaghlaigh na n-íospartach, ar gá é atá ag dul i méid i gcaitheamh an ama; agus

— gurb é an cúram atá ar Oibríocht Denton anailís uileghabhálach théamach a dhéanamh ar Dhrong Ghleann Anna agus ar a mhéid a bhí aon chlaonpháirteachas á imirt ag an Stát, is anailís ar a n-áireofar athbhreithniú ar bhuamáil Átha Cliath agus Mhuineacháin, agus ar bhuamálacha agus ar mharuithe eile atá curtha i leith Dhrong Ghleann Anna;

a iarraidh ar an Rialtas leanúint de bheith ag cinntiú go ndéileálfar mar ábhar tosaíochta leis an uile iarraidh ar ábhar agus ar chúnamh a chuirfidh Oibríocht Denton faoi bhráid údarás sa dlínse seo;

a iarraidh ar an Rialtas thairis sin a thathant ar Rialtas na Breataine a chinntiú go soláthrófar dá n-imscrúdaitheoirí ábhar is iomchuí maidir le hobair Oibríocht Denton; agus

a iarraidh ar an Rialtas leanúint den ní tábhachtach seo a ardú go díreach le Rialtas na Breataine, agus a ordú don Cheann Comhairle,

sides of this House"; and

— acknowledged "that the cooperation being sought is taking place in the context of transformed relationships on this island and between Ireland and Britain based on mutual respect, on partnership and on friendship";

recalling the all party motion it adopted unanimously on 25th May, 2016 which:

— noted "that Tuesday, 17th May, 2016 marked the 42nd Anniversary of the Dublin-Monaghan bombings"; and

— called on the Government to pursue the implementation of the 2008 and 2011 all party motions and to urgently raise the matter with the British Government;

notes that:

— the 50th Anniversary of the Dublin-Monaghan bombings will take place on 17th May and, with the passage of such time, the growing need to provide all information necessary to assist families; and

— Operation Denton is tasked with carrying out an overarching, thematic analysis of the Glenanne Gang and the extent of any state collusion, which includes reviewing the Dublin and Monaghan bombings, and other bombings and killings that have been attributed to the Glenanne Gang;

calls on the Government to continue to ensure that all requests for material and assistance from Operation Denton to authorities in this jurisdiction are dealt with as a matter of priority;

further calls on the Government to urge the British Government to ensure that material relevant to the work of Operation Denton is provided to their investigators; and

requests the Government to continue to raise this important matter directly with the British Government, and directs the Ceann Comhairle,

don Chléireach agus do Chathaoirligh na gCoistí iomchuí déanamh amhlaidh lena macasamhla faoi seach sa Bhreatain, d'fhonn saothrú go gníomhach chun tairiscintí uilepháirtí 2008, 2011 agus 2016 a chur i ngníomh.

the Clerk, and the Cathaoirligh of relevant Committees to do likewise with their respective British counterparts, in order to actively pursue the implementation of the 2008, 2011 and 2016 all party motions.